



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 30 Samhain 2021
(OR. en)

14431/21

SPORT 84
JEUN 146
SAN 711
SOC 703
EDUC 396

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	na toscaireachtaí
Uimh. an doic. roimhe seo:	13713/21
Ábhar:	Conclúidí ón gComhairle agus ó ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le gníomhaíocht choirp ar feadh an tsaoil

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le gníomhaíocht choirp ar feadh an tsaoil, arna bhformheas ag an gComhairle (Oideachas, Óige, Cultúr agus Spórt) ag an gcrúinniú a bhí aici an 29-30 Samhain 2021.

Conclúidí ón gComhairle agus ó ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le gníomhaíocht choirp ar feadh an tsaoil

DÉANANN AN CHOMHAIRLE AGUS IONADAITHE RIALTAIS NA mBALLSTÁT, AG TEACHT LE CHÉILE DÓIBH I dTIONÓL NA COMHAIRLE

AG MEABHRÚ DÓIBH AN MÉID SEO A LEANAS

1. Sa Mholadh ón gComhairle an 26 Samhain 2013 maidir le gníomhaíocht choirp ar mhaithe le feabhsú sláinte (HEPA) a chur chun cinn ar fud earnálacha, moltar, *inter alia*, ‘go n-oibreodh na Ballstáit i dtreo beartas éifeachtach HEPA trí chur chuige trasearnála a fhorbairt ina mbeadh réimsí beartais lena n-áirítear an spórt, an tsláinte, an t-oideachas, an comhshaol agus an t-iompar, chomh maith le hearnálacha ábhartha eile agus i gcomhréir le sainiúlachtaí náisiúnta’.
2. Sna conclúidí ón gComhairle an 15 Nollaig 2015 maidir le scileanna luaile, gníomhaíochtaí coirp agus spóirt do leanaí a chur chun cinn, iarrtar ar na Ballstáit ‘machnamh a dhéanamh ar bheartais trasearnála a chur chun feidhme, leis na hearnálacha oideachais, óige agus sláinte i measc earnálacha eile, chun gníomhaíochtaí coirp agus scileanna luaile sa luath-óige a chur chun cinn’.
3. Sna conclúidí ón gComhairle an 29 Meitheamh 2020 maidir le tionchar phaindéim COVID-19 agus téarnamh san earnáil spóirt, iarrtar ar na Ballstáit an ‘comhar agus comhairliúcháin trasearnála a chur chun cinn i réimsí is ábhartha don spórt ar gach leibhéal, lena n-áirítear leis an ngluaiseacht spóirt, leis an earnáil gnó a bhaineann leis an spórt agus le geallsealbhóirí ábhartha eile’.
4. Sna Conclúidí ón gComhairle an 4 Nollaig 2020 maidir leis an gcomhar trasearnála a chur chun cinn ar mhaithe leis an spórt agus leis an ngníomhaíocht choirp sa tsochaí, cuirtear an méid a leanas chun suntais: ‘D’fhéadfadh ról tábhachtach a bheith ag an gcomhar trasearnála chun na dálaí do stíl mhaireachtála ghníomhach agus fholláin a chruthú nó a bharrfeabhsú’.
5. Aithnítear i bPlean Oibre an Aontais Eorpaigh don Spórt 2021-2024 gur príomhábhar í an ghníomhaíocht choirp a chur chun cinn sa réimse tosaíochta ‘Rannpháirtíocht sa spórt a chur chun cinn agus an ghníomhaíocht choirp ar mhaithe le feabhsú sláinte’.

AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á ADMHÁIL ACU

6. Tá easpa gníomhaíochta coirp ina cúis le fadhbanna sláinte fairsinge i stíl mhaireachtála an lae inniu. Tá neamhghníomhaíocht choirp rangaithe ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) i measc na bpríomhthosca riosca le haghaidh mortlaíochta¹. Leag paidéim COVID-19 béim bhreise ar na rioscaí sláinte a bhaineann le neamhghníomhaíocht choirp.
7. Tá méadú nach beag i ndán don Eoraip ar threochtaí, atá suntasach cheana féin, de neamhghníomhaíocht choirp a pobail ar fad, go háirithe i measc daoine óga. Spreagann beartais Eorpacha na Ballstáit chun gníomhaíocht choirp a chur chun cinn agus chun faireachán a dhéanamh uirthi; mar sin féin, ba cheart an cur chun feidhme a neartú a thuilleadh².
8. Tá sé sainaitheanta i ndoiciméid Eorpacha agus idirnáisiúnta eile³ a rithabhachtaí atá sé faireachán a dhéanamh ar leibhéal na gníomhaíochta coirp mar chuid de chur chuige iomlánaíoch i leith HEPA. Is féidir le faireachán ar aclaíocht choirp faoi réir chomhlíonadh an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS)⁴ toradh iontaofa fianaisebhunaithe a chur ar fáil maidir le gníomhaíocht choirp agus aird a tharraingt ar aon iompraíocht a d'fhéadfadh a bheith ann i ndáil le rioscaí sláinte.

¹ An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (2020). *WHO guidelines on physical activity and sedentary behaviour* [Treoirleánte EDS maidir le gníomhaíocht choirp agus iompraíocht neamhghníomhach].

² *Report from the Commission on the implementation of the Council Recommendation on promoting health-enhancing physical activity across sectors*, [Tuarascáil ón gCoimisiún maidir le cur chun feidhme an Mholta ón gComhairle maidir le gníomhaíocht choirp ar mhaithe le feabhsú sláinte a chur chun cinn ar fud earnálacha] COM/2019/565 final.

³ Mar shampla, '*Physical activity strategy for the WHO European Region 2016–2025*' [Straitéis na gníomhaíochta coirp do réigiún Eorpach EDS 2016–2025] de chuid na hEagraíochta Domhanda Sláinte, 'Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Murtall Leanaí 2014–2020' agus '*Global Action Plan on Physical Activity 2018–2030*' [Plean Gníomhaíochta Domhanda maidir le Gníomhaíocht Choirp 2018–2030] (an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte ((2018

⁴ Rialachán (AE) Uimh. 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) IO L 119, 4.5.2016, lch. 1.

AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á AITHINT DI

9. Tá an ghníomhaíocht choirp ar cheann de na gnéithe is tábhachtaí agus is éifeachtaí chun sláinte choirp agus meabhairshláinte a choinneáil ar feadh an tsaoil. Bíonn tionchar dearfach aici freisin ar chosc riochtaí sláinte agus galar áirithe, amhail galar cardashoithíoch, diaibéiteas chineál 2 etc.
10. Is féidir le córais faireacháin don aclaíocht choirp measúnú a dhéanamh ar scála na faidhbe neamhghníomhaíochta coirp agus meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht aon bheartais, aon phleananna gníomhaíochta nó aon tionscnaimh arna nglacadh ar an leibhéal áitiúil, ar an leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal an Aontais.
11. Ba cheart coincheap na gníomhaíochtacoirp ar feadh an tsaoil a bheith bunaithe ar ghníomhaíocht choirp rialta le linn shaol an duine ar féidir tacú léi trí fhaireachán fianaisebhunaithe ar feadh an tsaoil ar aclaíocht choirp chun sláinte gach duine a choimeád i gcaitheamh an tsaoil.

AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI AR AN MÉID A LEANAS

12. Tá gníomhaíocht choirp rialta agus leordhóthanach⁵ tábhachtach d'fhorbairt shláintiúil leanaí agus déagóirí, go fisiciúil agus maidir lena gcumas meabhrach agus sóisialta araon.
13. Tá tábhacht ar leith le gníomhaíocht choirp rialta i gcomhthéacs stíl mhaireachtála ghníomhach agus shláintiúil daoine fásta, fiú mura dtosóidh duine ag déanamh aclaíochta go dtí gur duine fásta iad. Is gné thábhachtach í an ghníomhaíocht choirp rialta freisin chun laghdú ar leibhéil feidhmíochta ag an obair a chosc. Ós rud é go gcaitheann daoine fásta trian dá saol ag an obair, tá an timpeallacht oibre thar a bheith tábhachtach chun gníomhaíocht choirp na bhfostaithe a chur chun cinn.

⁵ An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (2020): *WHO guidelines on physical activity and sedentary behaviour* [Treoirlínte EDS maidir le gníomhaíocht choirp agus iompraíocht neamhghníomhach].

14. Is minic nach mbíonn grúpaí faoi mhíbhuntáiste⁶ sna haoisghrúpaí go léir gníomhach go fisiciúil a dhóthain mar gheall ar níos lú deiseanna a bheith acu agus rochtain teoranta, rud a chuireann iad i mbaol níos mó galair áirithe a fháil. Ba cheart dúinn comhionannas deiseanna a chur ar fáil do na spriocghrúpaí sin, rud a chuirfeadh ar a gcumas páirt a ghlacadh i gcláir shaincheaptha rialta maidir leis an ngníomhaíocht choirp agus an spórt.
15. I gcomhréir le coincheap na gníomhaíochta coirp ar feadh an tsaoil, ba cheart go n-éireodh as sin san fhadtéarma go mbeadh saoránaigh Eorpacha níos gníomhaí go fisiceach chun an tsláinte choirp agus meabhairshláinte a fheabhsú, agus go laghdófaí an brú ar ár gcórais sláinte agus ar na costais a bhaineann leis an tsláinte⁷. Aon uair is féidir, ba cheart cláir oibre beartais a chomhordú agus comhar trasearnála a spreagadh chun an toradh is fearr is féidir a bhaint amach.

AG FÉACHAINT DON MHÉID SEO A LEANAS

16. *Stíl mhaireachtála shláintiúil*: in go leor tíortha, tá sé d'aidhm ag beartais sláinte phoiblí agus spóirt, ar an gcéad dul síos, a gcuid saoránach a spreagadh chun dul le stíl mhaireachtála ghníomhach agus shláintiúil ar feadh a saoil agus chun páirt a ghlacadh sa ghníomhaíocht choirp agus sa spórt⁸. Tá sé d'aidhm freisin ag roinnt tionscnaimh tionscadail Eorpacha an ghníomhaíocht choirp a leabú sa churaclam cúraim sláinte chun comhairle agus tacaíocht níos fearr a chinntiú don ghníomhaíocht choirp sa suíomh cliniciúil⁹.

⁶ Sainmhíniú de réir na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne (EIGE): ‘Grúpaí daoine a bhfuil baol níos airde bochtaineachta, eisiaimh shóisialta, idirdhealaithe agus foréigin ag baint leo ná an pobal i gcoitinne, lena n-áirítear mionlaigh eitneacha, imircigh, daoine faoi mhíchumas, daoine scothaosta atá scoite amach ón saol agus leanaí, ach gan a bheith teoranta dóibh sin’.

⁷ Cumann Idirnáisiúnta an Spóirt agus an Chultúir (ISCA): *The economic cost of physical inactivity in Europe, An ISCA / Cebr report, 2015* [An costas eacnamaíoch a bhaineann le neamhghníomhaíocht choirp san Eoraip, Tuarascáil ISCA / Cebr], Meitheamh 2015.

⁸ Ar leibhéal an Aontais, mar shampla, sheol an Coimisiún Eorpach tionscnamh ‘HealthyLifestyle4All’ mar fheachtas dhá bhliain a bhfuil sé d'aidhm aige stíleanna mairachtála gníomhacha agus spóirt a nascadh le beartais sláinte, bia agus eile. Seoladh *Tartu Call for a Healthy Lifestyle* [Gairm Tartu ar Stíl Maireachtála Shláintiúil] in 2017.

⁹ An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (2018): *Promoting physical activity in the health sector* [Gníomhaíocht choirp a chur chun cinn san earnáil sláinte].

17. *Faireachán*: déanann roinnt tíortha faireachán ar na hathruithe ar aclaíocht choirp a bpobail agus féadfaidh siad aiseolas a thabhairt do gach duine ar bhonn deonach maidir le forbairt a leibhéal aclaíochta. Tá córais i bhfeidhm ag tíortha áirithe lenar féidir leo faireachán agus meastóireacht a dhéanamh go bliantúil ar fheidhmíocht fhisiceach leanaí scoile agus daoine óga¹⁰.
18. *Comhar trasearnála*: ba cheart aghaidh a thabhairt ar chur chun cinn agus ar fhaireachán na gníomhaíochta coirp ar bhealach trasearnála i gcomhréir le RGCS. Ní hamháin go mbíonn ról ag institiúidí a bhaineann leis an spórt i ngníomhaíocht choirp agus faireachán ar aclaíocht choirp a chur chun cinn, ach tá ról ag institiúidí a bhaineann leis an tsláinte phoiblí, le bonneagar, le hoideachas agus le hoiliúint, leis an timpeallacht oibre, leis an óige, etc. Ba cheart, dá bhrí sin, an rialtas ina iomláine, an tsochaí shibhialta, clubanna spóirt, pobail áitiúla, etc. a bheith rannpháirteach.
19. Forbairt fhadtéarmach is ea *athrú iompraíochta* agus de réir na dtreoirlínte maidir le gníomhaíocht choirp¹¹, ní mór gníomhaíocht choirp leordhóthanach a chomhtháthú sa saol laethúil. Ciallaíonn sé sin gur cheart beartas a chur chun feidhme freisin ar bhealach comhtháite agus díriú ar amanna éagsúla sa lá agus ar chomhthéacsanna difriúla den saol laethúil.
20. *Na Meáin*: is féidir leis na meáin ról a imirt maidir le freagracht shóisialta, gníomhaíochtaí agus feachtais spóirt a chur chun cinn darb aidhm feasacht a mhúscailt faoi bhuntáistí na gníomhaíochta coirp agus an neamhghníomhaíocht a laghdú.
21. *Tionscnaimh agus tionscadail Eorpacha*: cuidíonn tionscadail agus tionscnaimh Eorpacha éagsúla le beartais a fhorbairt atá dírithe ar stíl mhaireachtála shláintiúil a chur chun cinn agus ar chórais faireacháin a fhorbairt le haghaidh aclaíocht choirp chun sonraí inchomparáide, bailí agus iontaofa a chur ar fáil ar fud na mBallstát. Is féidir leis sin cabhrú le lucht déanta beartas gníomhaíocht choirp ar feadh an tsaoil a chumasú agus tionchar níos mó a imirt ar an tsláinte.

¹⁰ Amhail an Chipir (a thiocfaidh go luath, meastar), an Fhionlainn, an Liotuáin, an Ísiltír, an Phortaingéil, an tSlóivéin, an Ungáir, etc.

¹¹ An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (2018): *Global action plan on physical activity 2018-2030: more active people for a healthier world* [Plean gníomhaíochta domhanda maidir le gníomhaíocht choirp 2018–2030: daoine níos gníomhaí do dhomhan níos sláintiúla].

IARRANN SIAD AR NA BALLSTÁIT, I gCOMHRÉIR LE PRIONSABAL NA COIMHDEACHTA AGUS AR NA LEIBHÉIL IOMCHUÍ, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

22. Leanúint de ghníomhaíocht choirp an phobail a chur chun cinn agus a spreagadh ar feadh a saoil, lena n-áirítear grúpaí faoi mhíbhuntáiste, ag díriú ar neamhghníomhaíocht choirp a laghdú trí dhea-chleachtais a roinnt, mar úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí móibíleacha agus gan sreang, chomh maith leis na meáin agus bealaí cumarsáide eile.
23. Tacú le tionscnaimh agus le feachtais ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus/nó áitiúil lena spreagtar gníomhaíocht choirp, córais faireacháin a fhorbairt, agus rannpháirtíocht sa spóirt do chách, amhail Seachtain Eorpach an Spóirt, HealthLifestyle4All, an Eorabharaiméadar maidir le spórt agus gníomhaíocht, an Suirbhé Eorpach um Agallaimh Shláinte – Ceistneoir Gníomhaíochta Coirp, etc.
24. I gcás inarb iomchuí agus i gcomhréir le RGCS, córais faireacháin náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla atá fianaisebhunaithe maidir le haclaíocht choirp a bhunú agus a chur chun cinn, ar córais iad lena spreagfar an pobal i ngníomhaíocht choirp ar feadh an tsaoil lena ngabhfaidh tuarascálacha aiseolais aonair iomchuí agus rianú athruithe aclaíochta ar bhonn deonach, agus lena gcuirfear faisnéis luachmhar ar fáil do cheapadh beartais¹².
25. Le cur chuige trasearnála, tacú le beartais ar gach leibhéal maidir le limistéir phoiblí inrochtana agus inbhuanaithe a chruthú ina mbeidh gach saoránach in ann a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí spóirt nó i ngníomhaíocht choirp ar feadh an tsaoil, amhail comharsanachtaí, limistéir nuathógtha, cosáin le lánaí rothair nó lánaí bogshodair, saoráidí spóirt i scoileanna agus in ollscoileanna etc, mar shampla trí Chistí an Bheartais Chomhtháthaithe.

¹² Mar shampla, trí uirlisí faireacháin a chur ar fáil lena bhféadfar scrúdú a dhéanamh ar threochtaí sláinte an phobail, éifeachtaí na mbeartas aclaíochta náisiúnta agus idirghabhálacha maidir leis an tsláinte ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach agus/nó náisiúnta.

26. Na beartais agus na bearta sin darb aidhm daoine a spreagadh chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí spóirt nó i ngníomhaíocht feadh an tsaoil a shainaithint agus a shioncrónú ar gach leibhéal, le rannpháirtíocht na n-údarás poiblí ábhartha uile agus phobal na heolaíochta, , agus cinnteoirí earnála a spreagadh chun aird níos mó a thabhairt ina mbeartais faoi seach ar na sochair is féidir a bhaint as gníomhaíocht choirp ar feadh an tsaoil agus as faireachán ar aclaíocht choirp an phobail.
27. Dea-chleachtais a mhalartú maidir le conas daoine a spreagadh chun bogadh agus aclaíocht a dhéanamh le linn an lae agus faisnéis a mhalartú maidir le hionstraimí éifeachtacha agus tionscnaimh bheartais i dtimpeallachtaí éagsúla den saol laethúil chun gníomhaíocht choirp a spreagadh, lena n-áirítear i scoileanna agus in ionaid oibre.
28. Comhoibriú leis an earnáil sláinte a neartú, nuair is féidir, maidir le hoideas agus comhairleoireacht aclaíochta, a chuireann gairmithe cúraim sláinte agus speisialaithe ar fáil, a sholáthar.

IARRANN SIAD AR AN gCOIMISIÚN AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH

29. Féachaint an bhféadfaí tacú le córas comhchuibhithe sonraí a fhorbairt lena bhféadfár faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíocht choirp ar an leibhéal Eorpach chun measúnú níos cruinne a dhéanamh ar na hiarmhairtí sláinte, sóisialta agus eacnamaíocha.
30. Eolas a chur chun cinn faoi na costais i ndáil leis na rioscaí sláinte a bhaineann le neamhghníomhaíocht choirp, go háirithe an caiteachas ar shláinte, agus fianaise maidir leis na costais sin a léiriú, chun bonn eolais a chur faoin gcinnteoireacht maidir leis na hinfheistíochtaí atá le déanamh ar an leibhéal Eorpach sa réimse sin.
31. Tacú le malartú na gcleachtas is fearr de na tionscadail agus líonraí rathúla atá ann cheana maidir le gníomhaíocht ar feadh an tsaoil agus faireachán ar aclaíocht choirp a chur chun cinn, lena n-áireofar, de réir mar is iomchuí, líonra phointí fócasacha HEPA. Chun faireachán ar aclaíocht choirp a éascú ar fud na hEorpa agus chun cnámh droma le haghaidh ceapadh beartais fianaisebhunaithe gasta a chruthú, na cleachtais sin a chur chun cinn in éineacht le líonra phointí lárnacha HEPA ar ardán Eorpach iomchuí.

32. Machnamh a dhéanamh ar chistiú ón Aontas, mar shampla tríd an gclár Erasmus+ , InvestEU, etc, lena bhféadfaí tacú le comhar Eorpach chun córais náisiúnta, réigiúnacha agus/nó áitiúla faireacháin ar aclaíocht choirp a chothú.
33. Na Ballstáit agus an ghluaiseacht spóirt a chur ar an eolas maidir le cláir agus tionscnaimh mhaoiniúcháin ábhartha de chuid an Aontais is féidir a úsáid chun tacú le tionscadail trasearnála a bhaineann le spórt agus le gníomhaíocht choirp, agus chun stíl shláintiúil mhaireachtála a chur chun, chomh maith le córais faireacháin aclaíochta coirp náisiúnta, réigiúnacha agus/nó áitiúla a bhunú, mar shampla trí Erasmus+, clár EU4Health, Fís Eorpach, InvestEU, etc.

IARRTAR AR AN nGLUAISEACHT SPÓIRT AGUS AR GHEALLSEALBHÓIRÍ ÁBHARTHA EILE AN MÉID A LEANAS A DHÉANAMH

34. Machnamh a dhéanamh ar ardáin saor in aisce atá ann cheana¹³ a úsáid, i gcomhréir le RGCS, chun faireachán a dhéanamh ar aclaíocht choirp na saoránach mar uirlis dhiagnóiseach agus spreagthach do ghníomhaíocht fhisiceach ar feadh an tsaoil.
35. Béim bhreise a chur ar dheiseanna do shaoránaigh a bheith rannpháirteach sa spórt agus sa ghníomhaíocht choirp ar feadh an tsaoil ina ngníomhaíochtaí, ina dtionscadail agus ina dtionscnaimh, lena n-áirítear i gcás spriocghrúpaí éagsúla.
36. Comhoibriú go dlúth le geallsealbhóirí ó earnálacha eile chun dul i ngleic leis na bearnaí atá ann faoi láthair maidir le deiseanna a chur ar fáil chun páirt a ghlacadh sa spórt agus sa ghníomhaíocht choirp i gcomhthéacsanna éagsúla sa saol laethúil.
37. Páirt ghníomhach a ghlacadh, más iomchuí, chun córas faireacháin náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil maidir le haclaíocht choirp a fhorbairt, agus straitéisí chun gníomhaíocht choirp na saoránach ar feadh an tsaoil a mhéadú.
38. Uirlisí cumarsáide a chur in oiriúint, i gcomhréir le RGCS, do na spriocphobail, bunaithe ar ghníomhaíochtaí nithiúla.

¹³ Mar shampla, ardán ar líne a thacaíonn le cláir faireacháin aclaíochta coirp a bhunú lena dtugtar aiseolas maidir le torthaí sonracha aonair aclaíochta coirp.

IARSCRÍBHINN I A GHABHANN LEIS AN IARSCRÍBHINN

Sainmhínte chun críoch na gconclúidí seo:

Déantar gníomhaíocht choirp a shainmhíniú mar ‘aon ghluaiseacht choirp a dhéantar le matáin chnámharlaigh dar gá caiteachas fuinnimh’¹⁴. Tagairt atá ann do gach gluaiseacht a dhéantar, lena n-áirítear le linn am fóillíochta, iompar ó áit go háit, nó mar chuid d’obair an duine.

Is é atá i gceist le haclaíocht choirp an cumas tascanna laethúla a dhéanamh go beo bríomhar gan tuirse iomarcach agus le neart fuinnimh chun tairbhe a bhaint as am fóillíochta agus chun cásanna éigeandála gan choinne a láimhseáil.

Is é atá i gceist le gníomhaíocht choirp ar feadh an tsaoil gach gníomhaíocht choirp a dhéantar ar feadh an tsaoil, agus é d’aidhm aici sláinte a fheabhsú, galair neamhtheagmhálacha a chosc agus meáchan sláintiúil, cáilíocht saoil agus folláine a choinneáil i dtéarmaí pearsanta, sibhialta, sóisialta agus/nó fostaíochta.

¹⁴ Bunaithe ar an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (2020): WHO guidelines on physical activity and sedentary behaviour [Treoirínte EDS maidir le gníomhaíocht choirp agus iompraíocht neamhghníomhach].

CÚLRA POLAITIÚIL

1. Conclúidí ón gComhairle a glacadh ar an 27 Samhain 2012 maidir le gníomhaíocht choirp ar mhaithe le feabhsú sláinte (HEPA) a chur chun cinn.
2. Moladh ón gComhairle an 26 Samhain 2013 maidir le gníomhaíocht choirp ar mhaithe le feabhsú sláinte a chur chun cinn ar fud earnálacha.
3. Conclúidí ón gComhairle an 15 Nollaig 2015 maidir le scileanna luaile, gníomhaíochtaí coirp agus spóirt do leanaí a chur chun cinn.
4. Conclúidí ón gComhairle an 29 Meitheamh 2020 maidir le tionchar phaindéim COVID-19 agus téarnamh san earnáil spóirt.
5. Conclúidí ón gComhairle an 4 Nollaig 2020 maidir le comhar tras-earnála a chur chun cinn ar mhaithe leis an spórt agus leis an ngníomhaíocht choirp sa tsochaí.
6. Rún ón gComhairle agus ó ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le Plean Oibre an Aontais Eorpaigh don Spórt (an 1 Eanáir 2021 go dtí an 30 Meitheamh 2024) 2020/C 419/01.
7. Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 10 Feabhra 2021 maidir leis an tionchar atá ag COVID-19 ar an óige agus ar an spórt (2020/2864(RSP)).